



Oide

Tacú leis an bhFoghlaim
Ghairmiúil i measc Ceannairí
Scoile agus Múinteoirí

Supporting the Professional
Learning of School Leaders
and Teachers

Cómhrá le

Dr Michael Finneran

Foirm, Seánra, Stíl

(trascríobh)



RÉAMHRÁ

Is fiú dom a rá i dtosach an chomhrá seo gur lipéid iad seo. Úsáidtear iad chun tacú le cur síos ar an obair, ach ar ndóigh tá siad ann, go flúirseach uaireanta laistigh den saothar ealaíne céanna. Is bealaí iad chun teacht ar thuiscint faoi cad atáimid ag féachaint air agus cad atá á dhéanamh againn.

Is mar mholadh a deirim gan dul ina gcoinne agus tú ag plé leo, glac leo más féidir.

Más ea, is fiú a aithint go mbeidh na nithe sin go léir (seánra, stíl, foirm) ann, is dócha, laistigh de shaothar áirithe, agus is é atá i ngach ceann acu bealach teacht isteach ar an saothar. Mar sin, is é an cleas atá ann gan aon ainm amháin nó lipéad a leagan ar rud éigin.

Agus glacadh leis an bhforluí agus an easpa eagair atá ina chuid de na nithe sin agus atá mar bhealaí isteach.

Muise, bíodh a fhios agat, ag tabhairt aghaidh ar, ar léiriú, cuirtear tús leis, bhuel, cad atá ina thosach, abair?

Agus gach ceann acu sin, cuireann siad tairseacha éagsúla agus bealaí éagsúla ar fáil chun plé agus chun anailíse, shamhlóinn.

Agus is chun comhghleacaithe agus éisteoirí a spreagadh é sin, chun glacadh leis agus gan aon ainm údarásach ar leith a lorg.

FOIRM

Is ionann amharclannaíocht fíoragallamh agus nuair a ghlacaimid téacs, fianaise, focail na bhfíordhaoine atá ag dul faoi agallamh nó ar leo na barúlacha atá a dtaifeadadh ar chúis éigin, ar an ábhar go raibh siad i gcás ar leith nó mar gur cuid de ghrúpa éigin iad. Ansin, cuireann an t-amharclannóir na focail sin chun tairbhe agus múnlaíonn sí ina dtéacs léirithe iad, murab ionann agus an próiseas ficseanúil a d'fhéadfadh le Yates nó le Gregory dul tríd maidir le comhrá nó scéal a shamhlú. Tá seo bunaithe go mór ar an bhfíorshaol agus ar fhírinne chásanna na ndaoine.

Sílím féin gur pointe é ar dhóigh éigin do dhaoine atá ag tosnú de bheith ag déanamh amharclannaíochta tuiscint go bhfuil siad ag bogadh ar shiúl as bheith ag insint scéalta ficsin amháin, agus go bhfuil siad i mbun próisis de léiriú an fhíorshaol.

Agus leis sin tagann freagracht maidir le hionadaíocht. Má shocraímid, mar shampla, ar scéalta ár seantuismitheoirí a bhailiú, ní mór dúinn onóir a thabhairt do na scéalta sin. Ní mór dúinn onóir a thabhairt dóibh trí chinntiú go gcuirtear iad i láthair ar ár stáitsí ar dhóigh atá macánta, a thugann meas dá saol ar dhóigh éigin, in áit úsáid a bhaint astu ar dhóigh fheidhmiúil ar mhaithe le giotáin bheaga cainte.

Mar sin de, is minic a bhainimid úsáid as próiseas darb ainm, seiceáil ball san amharclannaíocht fíoragallamh nuair a chuirtear an script le chéile nó mar chuid luath den chleachtadh. Tugtar cuireadh do na daoine a thug na scéalta agus an comhrá uathu isteach chuig léiriú príobháideach nó chuig léiriú nach bhfuil iomlán réidh go fóill ionas gur féidir leo freagra a thabhairt mar dhaoine a chuir leis an téacs sa chéad dul síos agus a rá le lucht á dhéanta go bhfuil siad sásta, go bhfuil siad míshásta agus mar sin de.

I mbeagán focal, baineann sé le hionadaíocht.

Smaoiním féin ar ionadaíocht seachas leithghabháil. Is dea-chleachtas é baill d'fhoireann chruthaitheach nó cairde criticiúla nó daoine eile ó lasmuigh den léiriú a bheith ann a dhéanfaidh tagairt i rith an ama don dóigh a ndéanann tú an rud a dhéanann tú. Mar sin de, más maith leat smaoineamh air ar dhóigh fhísiúil, tá an taipéis á déanamh againn, agus is fíorshnáithe é gach snáithe, ach is saothar dár gcuid í an taipéis féin mar sin féin.

Is é mo thuiscint féin gur cheart do chruthaitheoir an tsnáithe sin nó an datha sin a bheith in ann amharc ar a láithreach féin sa taipéis agus mothú go gcuireann sé leis an scéal agus go gcuireann sé leo mar dhuine iomlán seachas baint díobh. Is freagracht throm atá ann a bhaineann le fíorscéal a insint.

Baintear úsáid as teicnící Brechtacha i gcuid mhór den amharclannaíocht fíoragallamh, maidir le labhairt go díreach agus leis an dóigh nach ann don chur i gcéill go bhfuil dráma i gceist. Tá sé mar a bheinn chun siúl amach agus labhairt libh go díreach. Inseoidh mé mo scéal féin daoibh. Is foirm níos oscailte í.

Tá sí oscailte ar fad maidir leis an dóigh a gcuireann tú ar ardán í. Le tríocha nó daichead bliain anuas, tá an-tiontú i dtreo cúrsaí sóisialta feicthe againn san amharclannaíocht agus tá guth faighte ag cúrsaí sóisialta. Sílim gur rud tábhachtach é gur féidir le hamharclannaíocht fíoragallamh tabhairt faoi na rudaí sin go díreach, chun guthanna mionlaithe agus neamhionadaithe a thabhairt chun stáitse.

Sílim fosta go ndéantar aithris ar an nádúr scoilte atá ag cultúr scrollála an lae inniu i bhfoirm mheasctha amharclannaíochta ina bhfuil giota ceoil, monalóg b'fhéidir agus rud beag comhrá. Tá tú ag bogadh chuig an chéad rud eile, agus chuig an chéad rud eile, ag fliceáil suas, ag scrolláil suas agus mar sin de. Sílim féin go ndéanann an fhoirm seo amharclannaíochta aithris ar chuid de sin.

Níl aon líne leanúnach ann maidir le scéal. Mar sin de, bíonn nádúr eipeasóideach aici ar an ábhar go mbunaítear amharclannaíocht fíoragallamh ar shraith scéalta a shnaidhmtear le chéile.

Ní bhaineann tú an doimhneacht chéanna amach is a bhainfeá amach dá mbeifeá láithreach in áit a bhfuil tú eolach uirthi, cé go mbaineann fírinne léi, ní éiríonn sé domhain, éiríonn sé fada. Agus is minice a fheicimid sin maidir le carachtair, nuair a bhíonn nóiméid againn atá fíor-dheas agus beoga ach gan mórán eolais againn fúthu. Ní bhíonn gach cúlsceál ar eolas againn de ghnáth nó cibé rud a tharla dóibh.

SEÁNRA

Bhuel, go bunúsach, meascán de thraigéide agus de choiméide é. Is mar a chéile méid an dá ruda ann nó geall leis ar shlí.

Ach anuas air sin, dar liom gurb í an tslí a bhfuil idir thraigéide agus choiméide – bíodh a fhios agat gurb é rún an drámadóra agus rún na gcumadóirí idir gháire agus chaoineadh a bhaint asat fad a spreagtar ionat gach mothúchán dá bhfuil ann ó thus deireadh an turais. Mar a fheicimid i saothair O’Casey, mar a bhfuil tráthanna tragóide eipice atá buailte le tráthanna gáire atá chomh barrúil sin go mbeidh tú ag rachtaíl gáire.

Is é an meascán é, nach é? Níl ceachtar acu i gceannas ar a chéile. Is é an rud go mbíonn siad i gcomhair a chéile.

Le linn greanntraigéide braitheann duine nach ceart a gháire. Ach, faraor, sin iad na rudaí, sin é ár gcuidne tráthanna tubaiste a bheith againn, bíodh sin an bás nó caillteanas nó rud eile nach iad. Agus tá a fhios againn go mbíonn amaidí le fáil fiú sna tráthanna is dorcha, nach mbíonn?

Agus déanaim amach go ndéanann O’Casey machnamh air sin agus baineann sárúsáid as agus dá réir sin, ó mo thaobhse, b’in í an difríocht, ní hamhlaidh is chun freastal ar an tragóid atá an greann nó chun beagán den ghoimh a bhaint as le fonn faoisimh a thabhairt dúinn le linn greanntraigéide. Dar liomsa go bhfuil an greann agus an tragóid ag obair as lámha a chéile chun go mbeimis mar lucht féachana comhpháirteach sa tragóid mhór sin.

Toisc do rud cosúil le tráth coiméide a bheith ann, dar liom gur féidir leis deileáil le tragóid is mó ná tragóid amháin ar roinnt bealaí chomh maith.

Más ea, de ghnáth bíonn ábhar gruama ann, foréigean a bhíonn le fáil in go leor greanntraigéide de ghnáth. Agus de ghnáth, bíodh a fhios agat, bíonn greann san uafás agus áiféis atá ina chuid dá bhfuil ar siúl.

Is minic a bhíonn an greann le fáil sa teanga agus i ndébhí mhorálta na gcarachtar agus sna lochtanna thar a bheith greannmhar acu mar charachtair. Tá cuma eile ar an amaidí, abraimis, i gcás greanntraigéide, rud is cúis le bás duine éigin uaireanta é.

Os a choinne sin, féach ar Mr. Bean, mar shampla, atá ina choiméide amach is amach, nó l’m Alan Partridge nó a bhfuil i mbailiúchán saothar Steve Coogan; ó thaobh craolacháin de, is coiméide é sin. Ach ní raibh aon bhraistint bhaoil riamh ann, an raibh?

Ach i gcás greanntraigéide, bíonn sé ar tí pléascadh, ar tí titim amach i gcónaí. Agus is spéisiúla atá sé, dá bharr, mar cuireann sé leis an tragóid agus neartaíonn go mór í.

Tá de dhualgas ar lucht a dhéanta, mar sin, an dá cheann a bheith láidir, rud is follasach é, ach is deacair dom an greann a bhaint amach. An greann, go mór mór áit ina bhfuil gnéithe fisiciúla, teastaíonn déine na fisiciúlachta, teastaíonn luas, agus an t-uafás ullmhúchán agus na nithe eile nach iad. Mar sin, sin é an chéad rud.

Má theastaíonn uait greanntraigéide mhaith a dhéanamh, ní foláir traigéide mhaith agus coiméide mhaith a bheith ann. Agus caithfidh siad a bheith ag brath ar a chéile, ag seoladh go héasca is gan dua ó cheann amháin go ceann eile, ach gan a bheith ag baint dá chéile. Sin é, brath ar a chéile in áit baint dá chéile.

Mar is ríshoiléir é, deireadh radhairc inar gabhadh carachtar, abair, an t-am in Shadow ina gcailleann Minnie a saol, más amhlaidh atá tú ag gáire ar deireadh, an dtuigeann tú, díreach ag an bpointe sin, baineann sé den rud, ach is é an tairseach é a bhíonn tú ag gáire díreach roimhe sin nó ina dhiaidh sin, má thuigeann tú mé.

Is amhlaidh atá amharciómhá an-láidir againn i léiriúchán Druid. Na mionchomhráite, is dócha, sa tionóntán, dar liom go gcuireann siad cineál suáilcís ar fáil agus cineál grinn a chasann go tobann i dtreo na tragóide i bhfaiteadh na súl.

STÍL

Sin ceann a bhfuil tamall machnaimh déanta agam air mar, ar ndóigh, mar comhghleacaithe, aithneoidh muid gur sainmhíniú é. Sainmhíniú, nach ea? Tá rud á shainmhíniú de réir an rud nach ann in áit an rud is ann.

Déanaimis machnamh ar cad is nádúrachas ann, an smaoineamh gur as na comhthéacsanna ina bhfuil daoine le fáil gur féidir le duine cur síos níos fearr a dhéanamh ar an staid dhaonna agus an iliomad dúshlán agus deacrachtaí acu. Tuigeann tú, sin achoimre ghairid ar cad is nádúrachas ann. Tá nádúrachas agus réalachas an-ghairid i ngaol dá chéile, ach, is mó seans, i ndáiríre, go bhfuil déithe agus nithe osnádúrtha le fáil i nádúrachas ná i réalachas, ach is beag an difear é.

Mar sin, an rud a bhfuilimid a féachaint air ar gach bealach i gcás neamhnádúrachais, seachas ar roinnt bealaí, áit ina bhfuil gnéithe den nádúrachas ó thaobh comhrá agus scéil de.

Agus, tá Tóraíocht Diarmuid agus Gráinne ina chuid dár miotaseolaíocht, ar ndóigh, tá sé ina chuid dár n-oidhreacht. Agus is ann go bríomhar do na carachtair sin inár miotaseolaíocht.

Ach ní dhéantar ar shlí réalaíoch an tslí a bhfuil sé beartaithe ag Fíabín an scéal a insint, an tslí a bhfuil sé beartaithe ag Michael Murphy é a léiriú, mar níorbh fhéidir a leithéid sin a dhéanamh. Agus, cinnte, thit an rud sin amach na mílte blianta ó shin, mar dhea, má tharla sé in aon chor, sin miotaseolaíocht duit.

Mar sin, níl aon tuairim againn conas a réitigh Fionn agus Diarmuid lena chéile ná Gráinne agus Diarmuid lena chéile agus araile. Más ea, ní féidir le duine cur síos air ar shlí réalaíoch mar ní féidir linn. Mar sin, ní foláir dúinn dul i muinín modhanna neamhnádúrtha.

Mar sin, is é is nádúrachas ann ná iarracht chun an domhan mar a bhí a chur inár láthair. Baineann neamhnádúrachas ansin le húsáid modhanna nó cuir chuige eile lasmuigh den nádúrachas chun an domhan céanna sin a chur inár láthair.

Mar sin, sainmhíniú leathan atá ann. Rud ar bith a chuireann isteach ar réalachas nó ar nádúrachas agus a scaoileann saor óna marbhántacht iad, bíodh a fhios agat, saorann sé lucht a dhéanta, cruthaitheoir píosa, ón bhfocal labhartha.

Ní gá gach rud a léiriú go cruinn beacht, níl sé mar aidhm fiú é a léiriú go réadúil i gcomhrá. Ní gá do dhuine a bheith buartha faoi in aon chor.

Ó thaobh scéal mór de, mar sin, leithéid miotais nó finscéil, is cosúil le geamaireacht é. Rud neamhnádúrtha ó nádúr atá sa gheamaireacht mar táimid ag iarraidh scéalta thar barr a insint.

I gcás Seán agus an Gas Pónaire, tá fathach ann, tá caisleán thuas sna scamail, tá pónairí draíochta ann agus gais pónairí agus araile. Ní féidir i ndáiríre mar ní ann do na nithe, ní féidir le duine an scéal sin a insint ar shlí nádúrtha. Mar sin úsáidimid modhanna neamhnádúrtha.

Bhí mé i mo stiúrthóir ar gheamaireacht de Sheán agus an Gas Pónaire tamall de bhlianta ó shin sa Lime Tree i Luimneach ach ní raibh fathach ann, mar dhea. Ba é Pat Short a ghlac ról de ghuth teasctha den fhathach.

Ach bhí creatlach de phéire dá bhuataisí ann agus a chathaoir mhór. B'in é an tslí a léiríomar an fathach, le cathaoir fholamh agus an phéire ollmhór sin buataisí. Agus, ambaiste, bhí an lucht féachana, go mór mór na daoine óga agus na leanaí sa lucht féachana, bhíodar an-tógtha leis.

Tá Tóraíocht ar comhdhéanamh leis sin, agus tugann sé deis do luchta a dhéanta an tóraíocht fhiáin trasna na tíre a léiriú, mar aon le troideanna, seilgeanna torc, gach sórt ruda nach féidir a chur ar stáitse ar shlí eile.

Is álainn atá modhanna neamhnádúrtha, lán de spraoi, lán de chraic, a chuireann ar stáitse rudaí nach féidir a chur air ar shlí eile.

Agus chun saoirse a spreagadh atá sé. Is chun daoine a spreagadh chun a bheith compordach lena gcorp agus lena gcorp a úsáid mar, ó thaobh neamhnádúrachais de, is é an modh is cumhachtaí chun tabhairt faoi sin úsáid an choirp mar aeistéitice agus úsáid shiombalach an choirp.

Thairis sin, is í úsáid mascanna an dara rud. Bíodh sin mascanna glana, nó roinnt de na mascanna lánbhrí a dhéanann comhlachtaí, agus tús maith iad.

Is dóigh liom go bhfuil na láidreachtaí sa stáitsiú agus san obair sin d'ensemble agus sa tslí a nglacann an comhlacht agus Fíbin agus Micheal Murphy leis an neamhnádúrachas, an t-íomhá sin atá os ár gcomhair i dtosach, íomhá den chineál sin de scamail ar fréamhacha iad, tá an íomhá go láidir tríd an saothar go léir agus tugann sé pluais chun cuimhne. Tugann sé domhan eile chun cuimhne.

Dar liom gur dúshlán neamhchasta é, más féidir liom é a chur i gcomparáid leis an leanbh i siopa milseán. Tá an t-uafás treonna is féidir le duine dul.

Mar shampla, piocaimis, samhlaigh cineál dráma á chur ar stáitse. Cad a bheidh ina thosach? D'fhéadfadh rince a bheith ann. D'fhéadfadh gluaiseacht shiombalach a bheith ann. Níl aon teorainn leis na féidearachtaí, ar shlí, ó thaobh tús an scéil de.

Tá sé beartaithe agam féachaint air sin mar dheis mar is dóigh liom, más amhlaidh a bhíonn daoine ag plé le neamhnádúrachas ar bhealach cruthaitheach, dar liom gurb í sin an áit a dtagann na láidreachtaí agus cumais chun cinn maidir le glacadh leis an rud atá ar eolas agat, más stíl fhisiciúil agus gluaiseacht a thaitníonn leat.

Ach d'fhéadfadh comhthéacs a bheith ann a oireann do theilgean nó do radharcagrafaíocht nó d'úsáid amharciomhánna láidre, a d'fhéadfadh a bheith tráthúil, agus spreagaim comhghleacaithe lena aghaidh sin ó thaobh freagra cruthaitheach de.